

# Maoirseacht ar shonraí pearsanta sna cúirteanna agus in eagrais reachtúla áirithe i dtaca lena gcuid feidhmeanna

## Cosaint Sonraí agus na cúirteanna agus iad ag gníomhú ar bhonn breithiúnach

Cé gurb é an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) an t-údarás maoirseachta do dhlíthe cosanta sonraí in Éirinn, tá rialacha speisialta i bhfeidhm nuair atá gníomhaíochtaí pearsanta próiseála sonraí ar bun ag na cúirteanna. Sonraítear na rialacha speisialta seo in Airteagal 55(3) den Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (GDPR), a chuireann cosc ar an DPC, chomh maith le húdaráis eile cosanta sonraí de chuid an AE, maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí próiseála sonraí na gcúirteanna nuair atá siad ag gníomhú ar bhonn breithiúnach. Tá sé seo amhlaidh chun neamhspleáchas breithiúnach a chinntiú agus a gcuid feidhmeanna breithiúnacha á gcur i gcrích.

Sonraítear in Ailt 157 go dtí 160 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 (Acht 2018) mar aon le Rialacha cúí Cúirteanna, conas mar is gá do chúirteanna na hÉireann sonraí a phróiseáil agus conas mar ba cheart rialacha áirithe cosanta sonraí san GDPR a chur i bhfeidhm. Áirítear leis seo, foráil go mbeadh breitheamh ar leith sannta ag Príomh-Bhreitheamh na hÉireann chun gníomhú mar mhaoirseoir cosanta sonraí i dtaca le sonraí pearsanta a phróiseáil, a tharlaíonn nuair a ghníomhaíonn cúirteanna na hÉireann ar bhonn breithiúnach. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar an maoirseacht a dhéanann cúirteanna na hÉireann ar phróiseáil sonraí agus iad ag gníomhú ar bhonn breithiúnach, ar shuíomh idirlín na Seirbhíse Cúirteanna ag <https://www.courts.ie/courts-data-protection-notice>.

De réir nósanna imeachta cúirte, déantar cáipéisí áirithe agus aistriú idir na páirtithe d'imeachtaí a chomhdú. Áirítear leo seo, pléadálacha, mionnscríbhinní agus cineálacha éagsúla tuairiscí agus tuilleadh nach iad agus áirítear roinnt sonraí pearsanta ar a laghad orthu seo de ghnáth, agus beidh níos mó nó níos lú sonraí i gceist ag brath ar na himeachtaí atá i gceist. Déantar na sonraí pearsanta sna cáipéisí cúirte seo a phróiseáil, dá bharr, ar mhaithe leis na cúirteanna agus iad ag gníomhú ar bhonn breithiúnach agus déanann an breitheamh sannta chun gníomhú mar mhaoirseoir cosanta sonraí do na cúirteanna, maoirsiú ar na hoibríochtaí próiseála seo.

Ar bhonn níos leithne, ba cheart a aithint go bhfuil srianta ar leith i bhfeidhm faoi Acht 2018 ar chearta ábhar sonraí faoin GDPR nuair a dhéantar sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhthéacs imeachtaí cúirte agus nuair is gá agus nuair is cuí srian a chur ar na cearta seo ar mhaithe le neamhspleáchas breithiúnach agus imeachtaí cúirte a

chosaint.<sup>1</sup> Más mian le ábhar sonraí aon cheann dá c(h)uid cearta cosanta sonraí faoin GDPR a éileamh (lena n-áirítear rochtain, ceartú nó glanadh) i dtaca le cáipéisí cúirte nó le haon eolas eile a d'fhéadfadh na cúirteanna a phróiseáil ar mhaithe lena gcuid feidhmeanna dlí, is féidir srian a chur ar na cearta seo de réir mar is gá agus mar is cuí chun neamhspleáchas breithiúnach agus/nó na himeachtaí cúirte faoi leith a chosaint. Chomh maith leis sin, ceadaítear faoi Acht 2018 rialacha cúirte a dhéanamh chun srian ar leith a chur ar chearta ábhar sonraí i dtaca le sonraí pearsanta nuair atá próiseáil á dhéanamh orthu i gcomhthéacs go bhfuil na cúirteanna ag gníomhú ar bhonn breithiúnach. Tá roinnt rialacha cúirte éagsúla déanta ina leith seo. Is féidir eolas ar na rialacha seo a fháil ar shuíomh idirlín na Seirbhíse Cúirteanna (féach nasc thuas) agus tá tuilleadh eolais sonracha ar fáil ar na rialacha seo sa ráiteas príobháideachais don tSeirbhís Cúirteanna, faoin gceannteideal “Do Chuid Cearta”, atá ar fáil ag: [Cosaint Sonraí - Céard iad mo chuid cearta? | An tSeirbhís Chúirteanna in Éirinn](#)

**In aon chás a bhaineann le cearta an ábhair sonraí, nó le sonraí pearsanta a phróiseáil, sa chomhthéacs go mbíonn na cúirteanna ag gníomhú ar bhonn breithiúnach níl cúram ar bith ar an DPC gearáin a láimhseáil faoi cheisteanna mar seo agus is é maoirseoir cosanta sonraí na gcúirteanna an duine cuí chun na ceisteanna cosanta sonraí seo a ardú leis/léi.**

Seo a leanas samplaí nuair nach é an DPC an t-údarás cuí do cheisteanna cosanta sonraí:

- Gearáin i dtaca le rochtain, glanadh nó ceartú ar shonraí pearsanta i dtaifid chúirte.
- Gearáin a éilíonn rochtain, ceartú nó glanadh i dtaca le sonraí pearsanta a áirítear i mionnscríbhinní, i bpléadálacha nó i gcáipéisí eile a gcuirtear os comhar na cúirte.
- Gearáin a éilíonn rochtain, ceartú nó glanadh i dtaca le tuairiscí ordaithe ag an gCúirt (m.sh. faoi Alt 47 den Acht um an Dlí Teaghlaigh 1995 (mar a leasaíodh).

## **Sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhthéacs na bhfeidhmeanna atá ag eagrais reachtúla i dtaca le gearáin a láimhseáil, le fiosrúcháin a dhéanamh agus le cinntí a dhéanamh**

Is é an DPC an t-údarás maoirseachta d'oibríochtaí próiseála sonraí a bhaineann le heagrais reachtúla a bhfuil feidhm acu i dtaca le gearáin a láimhseáil, le fiosrúcháin a

<sup>1</sup> Alt 158 den Acht um Chosaint Sonraí 2018

dhéanamh agus/nó cinntí a dhéanamh lena n-áirítear an Coimisiún um Chaidrimh san Áit Oibre nó an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe. Ach, nuair atá gearáin á láimhseáil ag an DPC a fuarthas ó dhaoine aonair i dtaca le sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhthéacs go bhfuil imeachtaí dlí reatha os comhar a leithéid d'eagrais reachtúil, tabharfaidh an DPC aird ar shrianta a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm ar chearta cosanta sonraí an ghéillsinigh faoi Alt 60(3)(a)(iv) d'Acht na bliana 2018 a éileamh. D'fhéadfadh a leithéid de shrianta a bheith i bhfeidhm de réir mar is cuí agus mar is gá le haird ar aon éileamh nó ar aon imeacht dlí atá ann ag an am nó a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, nó aon imeacht reatha riaracháin atá ar bun roimh an eagrais reachtúil. Agus machnamh á dhéanamh an bhféadfadh an rialtóir cuí srian a chur ar chearta an duine aonair faoin GDPR de réir an dlí ina leithéid de chomhthéacs, tabharfaidh an DPC aird faoi leith ar an sprioc leas an phobail atá mar bhonn faoi Alt 60(3)(a)(iv). Is é seo leas an phobail a chinntiú nach bhfuil aon phróiseas reachtúil (is é sin aon phróiseas a thugann an t-eagrais reachtúil cuí faoi) claonta nó nach gcuirtear isteach air sa chaoi is go ndéanfaí an bonn a bhaint ó ardchaighdeán an phróisis reachtúla nó ó dhul chun cinn an eagrais sin.

Cé go ndéanfaidh an DPC machnamh géar ar na cúinsí ar leith a bhaineann le haon chás ar leith, tá sé mar pholasaí ginearálta ag an DPC i dtaca le gearáin a bhaineann le sonraí pearsanta a dhéantar próiseáil orthu i gcomhthéacs na bhfeidhmeanna atá ag eagrais reachtúla a bhaineann le gearáin a láimhseáil, le fiosrúcháin a dhéanamh agus/nó le cinntí a dhéanamh, ceisteanna cosanta sonraí a bhaineann le hábhar atá os comhar a leithéid d'eagrais reachtúil nuair atá aon phróiseas ar bun ag an am a bhaineann le gearáin a láimhseáil, le fiosrúcháin a dhéanamh agus/nó le cinntí a dhéanamh. Beidh an polasaí seo i bhfeidhm beag beann ar más é an rialtóir an t-eagrais a dhéanfaidh an cinneadh nó más tríú pháirtí atá sa rialtóir, lena n-áirítear dlíodóir atá mar ionadaí do pháirtí eile sa phróiseas, nó seachas sin. Nuair atá a leithéid de phróiseas ar bun ag an am, ba cheart aon imní nó gearán a bhaineann le haighneas i dtaca le hinghlacthacht, le fírinneacht, le cruinneas nó le foinsé, i measc rudaí eile, de na sonraí pearsanta atá san ábhar atá roimh an eagrais reachtúil atá i gceist, a ardú go díreach leis an eagrais reachtúil sin sa chéad áit.

D'fhéadfadh an DPC gearáin a láimhseáil i dtaca le sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhthéacs na bhfeidhmeanna atá ag eagrais reachtúil i dtaca le gearáin a láimhseáil, le fiosrúcháin a dhéanamh agus/nó le cinntí a dhéanamh sa chás agus go bhfuil deireadh leis an bpróiseas reachtúil atá i gceist agus an t-am caite ina bhféadfaí aon achomharc a dhéanamh. Tá sé tábhachtach a thuiscint go bhféadfadh an DPC sárúithe den GDPR a aimsiú ag a leithéid d'eagrais reachtúil nó ag aon pháirtí don phróiseas a bhaineann le gearáin a láimhseáil, le fiosrúcháin a dhéanamh agus/nó le cinntí a dhéanamh, i gcás mar sin, níl aon dlínse ag an DPC ladar a chur isteach i gcinntí an eagrais sin.

Tá an polasaí seo daingnithe i Straitéis Rialála 2022 - 2027 an DPC agus a léiríonn measúnú an DPC den bhealach cuí chun gearáin den chineál seo a láimhseáil le haird ar na rioscaí do ghéillsinigh sonraí a bhaineann lena gcuid sonraí pearsanta a phróiseáil ag a leithéid d'eagrais reachtúla, in aghaidh leas an phobail a bhaineann le neamhspleáchas agus le feidhmiú na n-eagrais reachtúil sin a chinntiú, chomh maith leis an ardchaighdeán a bhaineann lena gcuid próiseas.

Seo a leanas samplaí de chásanna gur dóigh go mbeadh alt 60(3)(iv) i bhfeidhm, ag brath ar shrianta de réir mar is gá agus mar is cuí:

- Gearáin i dtaca le rochtain, glanadh nó ceartú ar shonraí pearsanta **i dtaifid chúirte**, faoi smacht ag rialtóir sonraí nó ag an tríú pháirtí, a bhaineann le gearáin a láimhseáil, le fiosrúcháin a dhéanamh agus/nó le cinntí a dhéanamh ar bun roimh an eagrais reachtúil cuí.
- Gearáin i dtaca le rochtain, ceartú nó glanadh ar shonraí pearsanta **a áirítear in aon aighneacht** a sheoltar chuig an eagrais reachtúil cuí ar mhaithe le gearáin a láimhseáil, le fiosrúcháin a dhéanamh agus/nó le cinntí a dhéanamh.
- Gearáin a bhaineann le rochtain ar shonraí pearsanta nuair a dhéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil ar mhaithe le comhairle dlí a lorg, a fháil nó a thabhairt nó nuair atá éileamh oibríléide i gceist.